

# **Clár Caidrimh Baile, Scoile & Pobail**

## **Cáipéis Pholasáí Choláiste Cholmcille**

### **Raiteas Misean**

Is é an sprioc atá an an gclár Caidrimh Baile, Scoile & Pobail ná an comhcheangal idir scoil, baile agus eagrais phobail áirithe a chothú, a neartú agus a chur chun cinn. Cuireann an clár le dul chun cinn oideachasúil an scoláire. Tá sé dírithe ach go háirithe orthu siúd atá i mbaol titim amach as an gcóras oideachais gan a gcumas a bheith bainte amach acu.

Is é aidhm an chlár freisin ná comhpháirtíocht a chruthú agus a bhuanú idir an scoil, an baile agus an pobal (rud a dhéanfas tairbhe do na scoláirí).

### **Aidhmeanna an Chláir Chaidrimh Bhaile, Scoile & Phobail**

Breathnaíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an gclár seo mar achmhainn a dhírítear ar theaghlaigh imeallacha an cheantair scoile. Tá an clár bunaithe ar an teoiric agus ar an gcleachtadh comhpháirtíochta idir tuismitheoirí, múinteoirí, scoláirí agus an pobal áitiúil. Is clár tacaíochta é atá dírithe ar na daoine fásta i saol an duine óig; bíodh sin tuismitheoirí/caomhnóirí nó múinteoirí/oibrithe pobail. Is iad dhá phríomh sprioc an chlár ná :

- An tuismitheoir a fhorbairt mar an phríomh oideachasóir laistigh den chomhthéacs Baile & Pobail.
- Tacú le bainistíocht agus le múinteoirí na scoile chun timpeallacht na scoile a chothú mar áit gur féidir leis an duine óg a chumas iomlán a bhaint amach.

### **Ról an Chomhordaitheora**

Seo leanas réimsí oibre an chomhordaitheora

- Cuirteanna Baile: Tugann an comhordaitheoir cuairt ar theaghlaigh imeallacha an cheantair agus orthu siúd a dteastaíonn tacaíocht uathu ina ról mar tuismitheoir. Cabhraíonn sé seo le nasc níos láidre a chruthú idir baile agus scoil, agus le haon dushlán nó deacracht a sháru chomh luath agus is féidir.
- Cruinnithe: Bíonn cruinnithe rialta leis an bpríomhoide, an múinteoir gairmthreorach/cornhairleach, an múinteoir tacaíochta, múinteoirí

bliana/ranga chun aon eolas cuí a roinnt lena chéile/faoi rún agus le cead an tuismitheora).

- Cúrsaí do thuismitheoirí: Tugann na cúrsaí seo muinín don thuismitheoir, láidríonn siad an nasc idir an baile agus an scoil, agus bíonn an-éifeacht acu seo ar an duine óg (an rud a fheictear srl).
- Coiste Áitiúil: Is é sprioc an choiste áitiúil ná ábhar atá bainteach leis an scoil a aithint ag leibhéal an phobail áitiúil. Bíonn tionchar ag rudaí go leor ar fhoghlaim an duine óig agus déantar iarracht teacht ar bhealaí chun na nithe seo a réiteach trí thuismitheoirí/ foireann na scoile/scoláirí agus an pobal áitiúil ag obair as lámha a chéile.
- Buanú Polasaí: Oibríonn múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí le chéile ar fhorbairt pholasaithe éagsúla na scoile. Bíonn chuile pháirtí ag déanamh a gcuid féin den pholasaí.
- Eagrais Áitiúla: Oibríonn an comhordaitheoir le heagrais áitiúla, stáit, agus deonacha chun tacú le tuismitheoirí agus scoláirí.
- Cruinnithe Craoibhe: Tarlaíonn cruinnithe teaghlaigh agus áitiúla uair sa mhí agus an cruinniú réigiúnda uair sa téarma. Roinntear eolas agus faisnéis ag na cruinnithe seo, tugtar tacaíocht do chomhleacaithe agus eagraítear cúrsaí, Bíonn na comhordaitheoirí i gcónaí ag iarraidh barr feabhais a ehur ar an scéim.
- Cúrsaí inseirbhíse: Bíonn cúrsaí inseirbhíse ar siúl go rialta i mBaile Átha Cliath leis an gcomhordnóir náisiúnta Dr. Concepta Conaty.

### **Pleanáil, Monatóireacht agus cur i bhfeidhm an chláir.**

Tarlaíonn pleanáil, monatóireacht agus measunú ar an gclár go rialta. Déantar tuairisciú mhíosúil ar obair an chomhordaitheora a sholáthar don phríornhoide . Déantar measunú bhliantúil ar an gclár leis an gComhordaitheoir Scoile, an Príomhoide agus an Comhordaitheoir Náisiúnta (nó a Leas) nuair a thagann siad le chéile ag an scoil.

**Faofa ag Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe 29/01/09**